

# Duais na gCrann

## Comórtas na mBailte Slachtmhara 2019

Láthair ainmnithe:

Suíomh sainiúil:

Ceannaire Tionscnaimh: (duine/grúpa/údarás áitiúil agus araile)

Tabhair an chúis atá agat/agaibh lena cheapadh go rachaidh an tionscnamh crann seo chun leasa an phobail áitiúil:

Grúpa nó Duine a bhfuil an t-ainmniúchán á dhéanamh aige

Seoladh Teagmhála:

Uimhir Theileafóin:

Ríomhphost:

Téann téarmaí agus coinníollacha Chomórtas na mBailte Slachtmhara i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó
www.treecouncil.ie

**Ba cheart Foirmeacha Iontrála Comhlánaithe a sheoladh chuig**
An tAonad Bailte Slachtmhara,
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail,
Oifigí an Rialtais,
Béal an Fheá, Contae Mhaigh Eo
F26 E8N6

Tree Council of Ireland

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

SuperValu Bailte Slachtmhara



Is comórtas speisialta é Duais Thionscnamh na gCrann atá urraithe ag Comhairle Crann na hÉireann. Aithníonn an duais seo an tionchar atá ag lonnú ceart crainn ar bhaile nó ar shráidbhaile agus an tábhacht atá ag baint leis an gcrann ceart a bheith san áit cheart. D'fhéadfadh mar shampla go mbeadh impleachtaí fadtéarmacha ag sraith de chrainn áirithe a chur, sé sin crainn iad a fhásann go tapa, ar chosáin nó ar bhainistiú sráide. Tá sé riachtanach, mar sin, aird ar leith a thabhairt ar phlandáil agus freisin ar bhainistiú na gcrann fad is a mhaireann siad.

Tabharfar na critéir a leanas san áireamh le linn na moltóireachta:

- *Ní mór do na crainn a bheith in áit phoiblí, ar shráid, spás oscailte, fearann scoile nó eaglaise;*
- *Tig leis na crainn a bheith seanbhunaithe nó díreach curtha;*
- *Más crainn iad atá díreach curtha, ní mór iad a bheith oiriúnach don suíomh, i. an speiceas ceart nó an tsaothróg cheart, crot, méid, dath;*
- *Ní mór crainn a lonnú isteach go maith ar an suíomh;*
- *Ní mór na crainn a chothabháil go maith, i. uisciú, smachtú fiailí, póstaí a chur leo, ceangal crann agus araile, sciath crann (más gá), crannliacht oiriúnach á dhéanamh de réir mar is gá;*
- *Plean soiléir a bheith curtha i gcrích maidir le bail níos fearr a chur ar sheanchrainn.*
- *Ba cheart gur ghné den tionscnamh go músclófaí feasacht faoi chrainn i measc an phobail.*

Bronnfar deimhniú agus duais €1,000 ar an gceann sin de Choistí na mBailte Slachtmhara a mbeidh an caighdeán is airde aige ó thaobh crainn a lonnú agus a chothabháil. Le bheith istigh ar Dhuais Thionscnamh na gCrann, níl le déanamh ach an fhoirm iarratais a líonadh agus sonraí an tionscnaimh a cheangal léi faoi na ceannteidil: Cur síos ar an Suíomh, Cur síos ar an Tionscnamh (tabhair sonraí faoi speicis na gcrann, méideanna na gcrann, líon na gcrann, a fheiliúnaí is atá siad don suíomh agus an obair a rinneadh agus araile), Gníomhaíochtaí chun an Pobal a chur ar an Eolas faoi do Thionscnamh, An Leas a dhéanfaidh do Thionscnamh don Phobal agus do Thírdhreach Fisiceach do Bhaile nó do Shráidbhaile. Bíodh 3 ghrianghraif ar a laghad den áit a mbeidh moltóireacht le déanamh uirthi agus a léireoidh comhthéacs an tionscnaimh istigh léi.